# PLEAN PÓILÍNEACHTA THUAISCEART ÉIREANN 2025-2030

**D'fhoilsigh an Bord Póilíneachta agus Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann Plean Póilíneachta don tréimhse 2025-2030.**

Is é Tuaisceart Éireann atá sábháilte agus síochánta an fhís chomhroinnte atá againn. Sa Phlean Póilíneachta, leagtar amach an dóigh a n-oibreoidh SPTÉ le coireacht a chosc agus le dul i ngleic léi, daoine a choinneáil slán trí bheith ina seirbhís póilíneachta a dhíríonn ar an íospartach, an pobal agus an lucht saothair.

Sa Phlean, leagtar amach trí thoradh ar mian linn iad a sholáthar do mhuintir Thuaisceart Éireann. Tugtar eolas faoi na torthaí sin thíos chomh maith leis na comharthaí a mbainfidh an Bord Póilíneachta úsáid astu le dul chun cinn a mheasúnú.

## Toradh 1: Díríonn SPTÉ ar an Íospartach

Caithfear le híospartaigh choireachta le trua agus meas agus coinneofar iad ar an eolas de réir phrionsabail Chairt Íospartach Thuaisceart Éireann agus cur chuige trámathreoraithe. Díreoidh SPTÉ ar acmhainní leis na híospartaigh choireachta is leochailí a chosaint, íospartaigh leantacha ina measc.

### COMHARTHAÍ

**1.1** An éifeachtacht maidir le dul i ngleic le Foréigean in Aghaidh na mBan agus na gCailíní
**1.2** An éifeachtacht maidir le dul i ngleic le Drochíde sa Teaghlach
**1.3** An éifeachtacht maidir le dul i ngleic le Dúshaothrú Coiriúil Leanaí
**1.4** An éifeachtacht maidir le dul i ngleic le Coireacht Fuatha
**1.5** Seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar d'Íospartaigh
**1.6** Cur i bhfeidhm na dTorthaí éifeachtacha do Choireanna Taifeadta

## Toradh 2: Tá Pobail Shábháilte agus Rannpháirtíochta ann a bhfuil Muinín acu i bPóilíneacht

Oibreoidh na Póilíní le pobail agus comhpháirtithe áitiúla le réitigh áitiúla a chur i bhfeidhm maidir le fadhbanna áitiúla, cothóidh sé sin muinín i bpóilíneacht agus tacóidh sé le timpeallacht shábháilte ar féidir le daoine cónaí agus oibriú inti, cuairt a thabhairt uirthi agus infheistiú i dTuaisceart Éireann.

### COMHARTHAÍ

**2.1** Leibhéal na muiníne poiblí i bpóilíneacht

**2.2** An éifeachtacht maidir le hoibriú i gcomhpháirt le pobail áitiúla agus le heagraíochtaí pobail, Comhpháirtíochtaí Póilíneachta agus Sábháilteachta *(PCSPs)* agus Gníomhaireachtaí Reachtúla le réitigh a sholáthar d’fhadhbanna áitiúla

**2.3** Mothaíonn daoine sábháilte ina bpobal

**2.4** An éifeachtacht maidir le dul i ngleic leis an bhagairt a bhaineann le Sceimhlitheoireacht, Paraimíleataigh agus Grúpaí Tromchoireachta agus Coireachta Eagraithe

**2.5** An éifeachtacht maidir le dul i ngleic le hAthchiontú

**2.6** An éifeachtacht maidir le hoibriú i gComhpháirt le básanna ar na bóithre agus drochghortú ar na bóithre a laghdú

**2.7** Oibriú i gcomhpháirt le dul i ngleic go héifeachtach le Cibearchoireacht

## Toradh 3: Tá Lucht Saothair Ionadaíoch, Measúil agus Cumasaithe ag SPTÉ

Beidh Ár Seirbhís ina léiriú níos fearr ar an phobal, tacófar leis sin trí thimpeallacht dhearfach oibre agus a mbeidh acmhainní cearta curtha ar fáil di le freastal ar an phobal ina bhfuil caighdeáin arda de ghairmiúlacht agus de chúram araon.

### COMHARTHAÍ

**3.1** Ionadaithe na Seirbhíse Póilíneachta

**3.2** Caighdeáin de ghairmiúlacht agus d’iompar

**3.3** An úsáid is fearr a bhaint as acmhainní

Is féidir leat cóip iomlán den Phlean Póilíneachta 2025-2030 agus den Phlean Feidhmíochta Bliantúla a fháil ar shuíomhanna gréasáin an Bhoird Póilíneachta agus SPTÉ. Más gá duit coir a thuairisciú, faigh amach anseo faoin dóigh lena tuairisciú: **Report | PSNI**